**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0176/2024**

11.4.2024

*******

# MOLADH

i ndáil leis an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tarraingt siar an Aontais as an gConradh um Chairt Fuinnimh
(06509/2024 – C9-0059/2024 – 2023/0273(NLE))

An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta
An Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

(Nós imeachta comhchoiste – Riail 58 de na Rialacha Nós Imeachta)

Rapóirtéirí: Anna Cavazzini, Marc Botenga

PR_NLE-AP_Agreement

***Eochair do na siombailí a úsáidtear***

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

**CLÁR**

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................4

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ........................................................................................................5

IARSCRÍBHINN: ENTITIES OR PERSONS FROM WHOM THE RAPPORTEURS HAVE RECEIVED INPUT ...........................................................................................................7

NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH ............................................................................8

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH..........9

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**i ndáil leis an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tarraingt siar an Aontais as an gConradh um Chairt Fuinnimh**

**(Toiliú)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (06509/2024),

– ag féachaint don Chonradh um Chairt Fuinnimh a síníodh i Liospóin an 17 Nollaig 1994, agus go háirithe d’Airteagal 47 de,

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagail 194(2) agus 207(4), an chéad fhomhír, agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0059/2024),

– ag féachaint do Riail 105(1) agus (4), agus do Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do chomhphléití an Choiste um Thrádáil Idirnáisiúnta agus an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh faoi Riail 58 de na Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta agus ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (A9-0176/2024),

1. ag tabhairt a toilithe maidir le tarraingt siar an Aontais as an gConradh um Chairt Fuinnimh;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus na bPáirtithe Conarthacha den Chonradh um Chairt Fuinnimh.

# RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is comhaontú iltaobhach trádála agus infheistíochta é an Conradh um Chairt Fuinnimh (ECT) a bhfuil feidhm aige maidir leis an earnáil fuinnimh agus a síníodh in 1994 agus a tháinig i bhfeidhm in 1998. Is Páirtí Conarthach é an tAontas Eorpach in ECT, in éineacht le Euratom, 23 Bhallstát de chuid an Aontais, chomh maith leis an tSeapáin, an Eilvéis, an Tuirc agus formhór na dtíortha ó na Balcáin Thiar agus APSS roimhe seo, cé is moite den Rúis agus den Bhealarúis, a shínigh an conradh in 1994 ach nár daingníodh é riamh.

Chinn 11 Bhallstát (an Ghearmáin, an Fhrainc, an Spáinn, an Ísiltír, an Iodáil, an Pholainn, an tSlóivéin, Lucsamburg, an Danmhairg, Éire, an Phortaingéil) agus an Ríocht Aontaithe, arb ionann iad agus níos mó ná 70 % den daonra Eorpach, imeacht ó ECT cheana féin. Is é an chéad chéim loighciúil eile ná tarraingt siar an Aontais.

Is é ECT an conradh infheistíochta is mó a úsáideann corporáidí ilnáisiúnta chun agairt a dhéanamh ar thíortha agus tá líon na gcásanna um réiteach díospóide idir infheisteoirí agus an stát ag dul i méid gach bliain. Amhail ón 1 Nollaig 2023, bhí 162 chás eadrána infheistíochta aitheanta arna dtionscnamh faoin gConradh um Chairt Fuinnimh, agus astu sin is cásanna eadrána infheistíochta bunaithe ar ECT laistigh den Aontas iad thart ar 70 % díobh sin. Tá líon méadaithe imeachtaí dlíthiúla ag spriocdhíriú ar bhearta comhshaoil.

Tá rabhadh tugtha arís agus arís ag eolaithe go n-éileofar céimniú amach luathaithe breoslaí iontaise agus aistriú pras i dtreo fuinneamh in-athnuaite chun géarchéimeanna aeráide tromchúiseacha a sheachaint. Tá cosaint na n-infheistíochtaí breosla iontaise faoi ECT ag teacht salach leis an ngá chun imeacht ó ghual, ola agus gás agus le beartais aeráide eile. Chuir ECT ar a gcumas do chorporáidí ilnáisiúnta breoslaí iontaise agairt a dheanamh ar rialtais Eorpacha a chuir beartais chun feidhme arbh é is aidhm dóibh breoslaí iontaise a chéimniú amach nó aistriú fuinnimh cóir a chur chun cinn. Léiríonn cásanna le déanaí ní hamháin go gcuireann ECT srian ar ghníomhú ar son na haeráide ach go gcuireann sé bac ar chumas tíortha dul i ngleic leis an ngéarchéim fuinnimh agus leis an aistriú fuinnimh. In 2021, bhí EUR 2.4 billiún i ndamáistí á lorg ag gnólachtaí guail Gearmánacha RWE agus Uniper ó Rialtas na hÍsiltíre mar gheall ar an sprioc-am um chéimniú amach guail faoi 2030 atá aige. In 2022, ordaíodh don Iodáil EUR 250 milliún i gcúiteamh a íoc leis an gcuideachta ola Briotánach Rockhopper mar gheall ar a cinneadh chun cosc a chur ar fhorbairtí ola amach ón gcósta, cleachtas a rinne pobail chósta na hIodáile cáineadh air. Anuas air sin, i mí na Samhna 2023, rinne an chuideachta ola Klesch Group Holdings Limited agairt ar an Aontas Eorpach, ar an nGearmáin agus ar an Danmhairg agus bhí EUR 95 mhilliún ar a laghad á lorg aige mar gheall ar chánacha amhantair a tugadh isteach faoi Rialachán (CE) 2022/1854 ón gComhairle chun tionchar eacnamaíoch praghsanna arda fuinnimh a chomhrac.

Is toradh é an tarraingt siar atá beartaithe ag an Aontas ón gConradh um Chairt Fuinnimh ar bhlianta de shlógadh ag go leor comhlachas chun deireadh a chur le conradh a chosnaíonn leasanna airgeadais corparáidí breosla iontaise ilnáisiúnta ar chostas neamhspleáchais rialála agus aistriú aeráide sóisialta éifeachtach. In 2021, d’iarr breis agus 1 mhilliún saoránach Eorpach ar thíortha an Aontais ‘tarraingt amach as ECT’. Tháinig gníomhaithe aeráide, ceardchumainn, eolaithe, lucht acadúil, agus líon leathan gluaiseachtaí sóisialta le chéile chun contúirtí an chonartha sin a nochtadh agus d’iarr siad arís agus arís eile ar thíortha imeacht ó ECT. Ina theannta sin, d’iarr Parlaimint na hEorpa go dtarraingeofaí siar ón gConradh um

Chairt Fuinnimh ina rún an 24 Samhain 2022 maidir leis an toradh ar nuachóiriú an Chonartha um Chairt Fuinnimh.

In éagmais aon nuashonrú substaintiúil ar ECT ó na 1990idí, cuireadh tús le próiseas nuachóirithe i mí na Samhna 2018 chun é a chur i gcomhréir le prionsabail Chomhaontú Pháras, le ceanglais na forbartha inbhuanaithe agus leis an gcomhrac in aghaidh an athraithe aeráide, chomh maith le caighdeáin nua-aimseartha maidir le cosaint infheistíochta.

Mar sin féin, ní thagann téacs molta ECT nuachóirithe le Comhaontú Pháras[1], leis an Dlí Aeráide Eorpach[2], nó le cuspóirí an Mhargaidh Ghlais Eorpaigh[3]. Ní chomhlíonann an nuachóiriú príomhghnéithe rún ó Pharlaimint na hEorpa an 23 Meitheamh 2022 maidir le todhchaí bheartas infheistíochta idirnáisiúnta an Aontais ach oiread, beartas inar sonraíodh gur cheart do ECT 'toirmeasc láithreach a chur ar infheisteoirí breosla iontaise ó agairt a dhéanamh ar pháirtithe conarthacha as beartais chun breoslaí iontaise a chéimniú amach a shaothrú i gcomhréir lena ngealltanais faoi Chomhaontú Pháras'. Theip ar ECT nuachóirithe freisin dul i bhfeidhm ar thromlach cáilithe na mBallstát sa Chomhairle, agus is é sin an fáth nach bhfuair an tAontas sainordú chun dul ar aghaidh le glacadh an nuachóirithe ag an gComhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh i mí na Samhna 2022.

Thairis sin, a fhad agus atá an tAontas Eorpach ina chomhalta de ECT, is féidir agairt a dhéanamh fiú ar na Ballstáit den Aontas Eorpach a bhfuil ECT fágtha acu cheana féin as beartais AE a shaothrú.

Dá bhrí sin, measann na Rapóirtéirí nach rogha é leanúint de bheith ina Pháirtí Conarthach de ECT agus is geal leo an togra ón gCoimisiún maidir le tarraingt siar an Aontais ón gConradh um Chairt Fuinnimh.

Iarrann na Rapóirtéirí ar an gCoimisiún leanúint de tharraingt siar comhordaithe na mBallstát uile ó ECT a chur chun cinn chun éifeachtaí diúltacha an chlásail éagtha a theorannú agus chun díospóidí laistigh den Aontas a chosc go héifeachtach.

Iarrann na Rapóirtéirí ar an gCoimisiún leanúint dá iarrachtaí chun teacht ar chomhaontú leis na Ballstáit maidir le comhaontú *inter-se* a chódódh an léirmhíniú nach bhfuil feidhm ag ECT agus nach raibh sé i gceist go mbeadh feidhm aige maidir le díospóidí idir Ballstát agus infheisteoir de chuid Ballstát eile maidir le hinfheistíocht a rinne an Ballstát deireanach sin sa chéad Bhallstát. Ina theannta sin, iarrann siad ar an gCoimisiún dul i dteagmháil le tíortha comhpháirtíochta agus an dara comhaontú a mholadh lena gceadófar do pháirtithe conarthacha ECT neamh-AE atá sásta tarraingt siar chun an clásal éagtha a neodrú ar bhonn cómhalartach.

[1] Comhaontú a glacadh ag an 21ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide i bPáras an 12 Nollaig 2015 (Comhaontú Pháras).

[2] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach').

[3] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (COM(2019)0640).

## IARSCRÍBHINN: ENTITIES OR PERSONS FROM WHOM THE RAPPORTEURS HAVE RECEIVED INPUT

Pursuant to Article 8 of Annex I to the Rules of Procedure, the rapporteur Anna Cavazzini and the rapporteur Marc Botenga declare that they have received input from the following entities or persons in the preparation of the report, until the adoption thereof in committee:

Table 1. Input received by Anna Cavazzini

| Entity and/or person |
|---|
| Climate Action Network Europe (CAN Europe) |
| DG ENER, European Commission |
| Friends of the Earth Europe, on behalf of:<br>AirClim<br>Climate Action Network Europe (CAN Europe)<br>E3G<br>European Trade Justice Coalition (formerly S2B)<br>Netzwerk gerechter Welthandel<br>PowerShift<br>SOMO<br>Umweltinstitut München<br>Veblen Institute |
| Veblen Institute |

Table 2. Input received by Marc Botenga

| Entity and/or person |
|---|
| Climate Action Network Europe (CAN Europe) |
| Friends of the Earth Europe, on behalf of:<br>AirClim<br>Climate Action Network Europe (CAN Europe)<br>E3G<br>European Trade Justice Coalition (formerly S2B)<br>Netzwerk gerechter Welthandel<br>PowerShift<br>SOMO<br>Umweltinstitut München<br>Veblen Institute |

The lists above are drawn up under the exclusive responsibility of the rapporteurs.

## NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Tarraingt siar an Aontais as an gConradh um Chairt Fuinnimh |
| **Tagairtí** | 06509/2024 – C9-0059/2024 – 2023/0273(NLE) |
| **Dáta an chomhairliúcháin nó na hiarrata ar thoiliú** | 7.3.2024 |
| **Coistí freagracha**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | INTA ITRE<br>10.4.2024 10.4.2024 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Anna Cavazzini Marc Botenga<br>21.3.2024 21.3.2024 |
| **Pléite sa choiste** | 21.3.2024 |
| **Dáta an ghlactha** | 9.4.2024 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 58<br>–: 8<br>0: 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Barry Andrews, Anna-Michelle Asimakopoulou, Tiziana Beghin, Michael Bloss, Paolo Borchia, Marc Botenga, Saskia Bricmont, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Daniel Caspary, Ignazio Corrao, Josianne Cutajar, Arnaud Danjean, Nicola Danti, Paolo De Castro, Martina Dlabajová, Valter Flego, Jens Geier, Markéta Gregorová, Christophe Grudler, Henrike Hahn, Roman Haider, Heidi Hautala, Danuta Maria Hübner, Ivars Ijabs, Karin Karlsbro, Michael Kauch, Seán Kelly, Martine Kemp, Izabela-Helena Kloc, Andrius Kubilius, Bernd Lange, Thierry Mariani, Margarida Marques, Sara Matthieu, Emmanuel Maurel, Eva Maydell, Iskra Mihaylova, Dan Nica, Ville Niinistö, Johan Nissinen, Mauri Pekkarinen, Morten Petersen, Markus Pieper, Samira Rafaela, Robert Roos, Helmut Scholz, Joachim Schuster, Sven Simon, Dominik Tarczyński, Riho Terras, Grzegorz Tobiszowski, Kathleen Van Brempt, Marie-Pierre Vedrenne, Jörgen Warborn, Pernille Weiss, Iuliu Winkler, Juan Ignacio Zoido Álvarez, Carlos Zorrinho |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Marek Belka, Franc Bogovič, Anna Cavazzini, Matthias Ecke, France Jamet, Bronis Ropė, Ivan Štefanec |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Ibán García Del Blanco, Matjaž Nemec |
| **Dáta don chur síos** | 11.4.2024 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 58 | + |
|---|---|
| ECR | Izabela-Helena Kloc, Dominik Tarczyński, Grzegorz Tobiszowski |
| NI | Tiziana Beghin |
| PPE | Anna-Michelle Asimakopoulou, Franc Bogovič, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Arnaud Danjean, Danuta Maria Hübner, Seán Kelly, Martine Kemp, Andrius Kubilius, Eva Maydell, Markus Pieper, Ivan Štefanec, Jörgen Warborn, Pernille Weiss, Iuliu Winkler, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| Renew | Barry Andrews, Nicola Danti, Martina Dlabajová, Valter Flego, Christophe Grudler, Ivars Ijabs, Karin Karlsbro, Iskra Mihaylova, Mauri Pekkarinen, Morten Petersen, Samira Rafaela, Marie-Pierre Vedrenne |
| S&D | Marek Belka, Josianne Cutajar, Paolo De Castro, Matthias Ecke, Ibán García Del Blanco, Jens Geier, Bernd Lange, Margarida Marques, Matjaž Nemec, Dan Nica, Joachim Schuster, Kathleen Van Brempt, Carlos Zorrinho |
| The Left | Marc Botenga, Emmanuel Maurel, Helmut Scholz |
| Verts/ALE | Michael Bloss, Saskia Bricmont, Anna Cavazzini, Ignazio Corrao, Markéta Gregorová, Henrike Hahn, Heidi Hautala, Sara Matthieu, Ville Niinistö, Bronis Ropė |

| 8 | - |
|---|---|
| ECR | Johan Nissinen, Robert Roos |
| ID | Roman Haider, France Jamet, Thierry Mariani |
| PPE | Daniel Caspary, Sven Simon |
| Renew | Michael Kauch |

| 2 | 0 |
|---|---|
| ID | Paolo Borchia |
| PPE | Riho Terras |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh